An teaghlach thíos le gearradh siar arís

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc ar ball faoi ghearradh siar ar íocaíochtaí sochair leanaí. Sula bhféachann sibh ar an tuairisc, déan féin agus an duine in aice leat iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo atá le cloisteáil inti a chur ar fáil.

1. campaigning _____
2. against poverty _____
3. Minister for Social Protection _____
4. basic child benefit payment _____
5. Social Justice Ireland _____
6. against the family and the child _____
7. no one would be surprised _____

Anois féachaigí ar an tuairisc agus faighigí amach an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Féach agus éist go cruinn leis an mhír arís ach dírigh d'aird ar na figiúirí amháin - €140, €148, €160 agus €100. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus freagraígí na ceisteanna seo le chéile:

(a) Má tá cúigear páistí agat faoi láthair cad é an t-iomlán a fhaigheann tú ó shochar linbh?

(b) Má tá cúigear páistí agat i gceann bliana, cad é an t-iomlán a gheobhaidh tú ó shochar linbh?

(c) Má tá cúigear páistí agat i gceann trí bliana go leith, cad é an t-iomlán a gheobhaidh tú ó shochar linbh?

Ceist 3 Éist leis an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cad a deir grúpaí a bhíonn i mbun feachtais in aghaidh na bochtaineachta faoi na moltaí seo?

2. Cad faoi theaghlaigh ar ioncam íseal?

3. Cad a bhí le rá ag na daoine seo: Melissa Ní Ríordáin. Eileen Wedel agus Seán Healy?

4. Cén fáth nach mbeidh iontas ar dhaoine sa chéad bhuiséad eile.

Ceist 4 Cad iad na hathruithe a cuireadh i bhfeidhm ar na focail seo tar éis an ailt?

(an) (buníocaíocht) / (an) (duine) / (an) (aire) /

(a) Éist leis an mhír ansin le feiceáil an raibh an ceart agat.

(b) Líon na boscaí seo leis na hathruithe ar fad a chuirtear i bhfeidhm ar fhocail ag brath ar inscne an fhocail:

Focal baininscneach + an t-alt	Focal firinscneach + an t-alt
guta: s: consan:	guta: s: consan:

Ceist 5 Bí ag obair leis an duine in aice leat agus cuirigí Gaeilge ar na hairí seo a leanas:

The Minister for Foreign Affairs and Trade
The Minister for Education and Skills
The Minister for Finance
The Minister for Public Expenditure and Reform
The Minister for Jobs, Enterprise and Innovation
The Minister for Social Protection

Anois, an féidir libh an duine cuí a chur leis na poist chearta?

Richard Bruton	Brendan Howlin
Eamon Gilmore	Joan Burton
Michael Noonan	Ruairí Quinn

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa.

Cad a cheapann tú faoin ghearradh siar atá luaite sa mhír? Cén fáth?
An bhfuil suim ar bith agat i gcúrsaí polaitíochta? Cén fáth?

Freagraí

Ceist 1

1.	campaigning	*i mbun feachtais*
2.	against poverty	*in aghaidh na bochtaineachta*
3.	Minister for Social Protection	*An tAire Coimirce Sóisialaí*
4.	basic child benefit payment	*buníocaíocht sochair leanaí*
5.	Social Justice Ireland	*Ceartas Sóisialta Éireann*
6.	against the family and the child	*i gcoinne na clainne agus an pháiste*
7.	no one would be surprised	*ní chuirfeadh sé ionadh ar éinne*

Ceist 2

(a) €140 (leanbh 1) + €140 (leanbh 2) + €148 (leanbh 3) + €160 (leanbh 4) + €160 (leanbh 5) **= €748**

(b) €140 (leanbh 1) + €140 (leanbh 2) + €140 (leanbh 3) + €140 (leanbh 4) + €140 (leanbh 5) **= €700**

(c) €100 (leanbh 1) + €100 (leanbh 2) + €100 (leanbh 3) + €100 (leanbh 4) + €100 (leanbh 5) **= €500**

Ceist 3

1) Deir grúpaí a bhíonn i mbun feachtais in aghaidh na bochtaineachta gur dearmad a bheadh ann laghdú a dhéanamh ar íocaíochtaí sochair leanaí.
2) De réir na moltaí bheadh cúnamh breise ar fáil do theaghlaigh ar ioncam íseal.
3) **Melissa Ní Ríordáin** – Ceapaim go mbeadh sé an-deacair do thuismitheoirí le páistí óga. **Eileen Wedel** – Baineann teaghlaigh úsáid as an airgead sochair linbh chun na billí a íoc agus le haghaidh cúram leanaí go ginearálta. Má laghdaítear na liúntais beidh brú mór ar theaghlaigh. **Seán Healy** - Go mbeadh a leithéid de ghearradh siar i gcoinne na clainne agus an pháiste, agus nach bhfuil aon ghá leis.
4) Tá ar Joan Burton na céadta milliún euro a bhaint óna buiséad féin i mbliana.

Ceist 4

(a) an bhuníocaíocht, an duine, an t-aire

(b)

Focal baininscneach + an t-alt	Focal firinscneach + an t-alt
guta: an áit (gan t-)	**guta**: an t-arán (le t-)
s: an tsráid (*t* ar an *s*)	**s**: an sagart (gan *t* ar an *s*)
consan: an fhuinneog (séimhiú)	**consan**: an bád (gan séimhiú)

Ceist 5

The Minister for Foreign Affairs and Trade, Eamon Gilmore
An tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
The Minister for Education and Skills, Ruairí Quinn
An tAire Oideachais agus Scileanna
The Minister for Finance, Michael Noonan
An tAire Airgeadais
The Minister for Public Expenditure and Reform, Brendan Howlin
An tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
The Minister for Jobs, Enterprise and Innovation, Richard Bruton
An tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta
The Minister for Social Protection, Joan Burton
An tAire Coimirce Sóisialaí

Ceist 6
Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola
Deir grúpaí a bhíonn i mbun feachtais in aghaidh na bochtaineachta gur dearmad a bheadh ann laghdú a dhéanamh ar íocaíochtaí sochair leanaí. Tá sé molta ag grúpa comhairleach don Aire Coimirce Sóisialaí Joan Burton go bhféadfaí dhá chéad milliún euro a shábháil in aghaidh na bliana ach an bhuníocaíocht sochair leanaí a ghearradh go dtí céad euro in aghaidh gach páiste. Céad ceathracha euro nó os a chionn in aghaidh gach páiste a íoctar sa mí[i] faoi láthair. De réir na moltaí bheadh cúnamh breise ar fáil do theaghlaigh ar ioncam íseal.

Barraí Mescall
Tháinig foireann nuachta RTÉ ar mholtaí coiste comhairleach don Aire Burton ag an deireadh seachtaine. Dá réir, d'fhéadfaí sochar leanaí a ghearradh do gach páiste go céad euro sa mhí. Faoi láthair íoctar céad daichead euro an duine sa mhí don gcéad dá pháiste, céad ceathracha a hocht don tríú leanbh agus céad seasca euro sa mhí do gach aon pháiste eile ina dhiaidh sin.

Melissa Ní Ríordáin
Ceapaim go mbeadh sé an-deacair[ii] do thuismitheoirí le páistí óga.

Barraí Mescall
Tá na céadta milliún euro le gearradh ag an Aire Burton ó bhuiséad a Roinne féinig[iii] mar chuid den gcéad[iv] bhuiséad eile. Anuraidh dúirt an tAire Caiteachais[v] Brendan Howlin go mbeadh íocaíocht chaighdeánach[vi] de chéad ceathracha euro do gach aon pháiste ann laistigh de dhá bhliain.
Eileen Wedel
Tá tuismitheoirí ag úsáid an airgid seo do chúram leanaí – éadaí, bróga, leabhair bhreise[vii] scoile, turais[viii] scoile, ranganna breise. Má tá laghdú bíonn brú ar chlann, tá costais[ix] leictreachais agus fuinnimh ag dul suas. Bíonn clanna ag fanacht ar na liúntais[x] chun íoc as na billí seo.

Barraí Mescall
San ardchathair inniu dúirt Seán Healy, Stiúrthóir Cheartas Sóisialta Éireann go mbeadh a leithéid do ghearradh siar i gcoinne na clainne agus an pháiste, agus nach raibh aon ghá leis. Ag an bpointe seo níl i gceist ach moltaí ó choiste comhairleach don Aire Burton, ach ós rud é go bhfuil uirthi siúd na céadta milliún euro a bhaint óna buiséad féinig i mbliana ní chuirfeadh sé ionadh ar éinne má ghearrtar siar ar íocaíochtaí sochair leanaí sa chéad bhuiséad eile. Barraí Mescall, Nuacht TG4, Cathair Chorcaí

---

[i] *sa mhí* atá sa chaighdeán
[ii] *ana-dheacair* a deirtear i gcanúint na Mumhan
[iii] *féin* sa chaighdeán
[iv] *den chéad* atá sa chaighdeán
[v] *An tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe* an teideal iomlán
[vi] *íocaíocht caighdeánach* a deirtear
[vii] *leabhair breise* a deirtear
[viii] *turasanna* a deirtear i gcanúint na Mumhan
[ix] *costaisí* a deirtear
[x] *liúntaisí* a deirtear